Éire abú!

Leibhéal B1

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1

Suigh siar agus dún do shúile. Éist leis an mír bheag a chuirfidh do mhúinteoir ar siúl duit agus pléigh na ceisteanna ansin leis na daoine eile i do ghrúpa. Bain úsáid as an stór focal sna cearnóga agus sibh ag caint.

1. Cé atá ag canadh? Cad é an t-amhrán atá á chanadh? Cén fáth? Cén áit?
2. Samhlaigh go bhfuil tú san áit sin ag an nóiméad sin. Conas a mhothófá, dar leat?

Cic slánaithe – *conversion kick*
Clibirt – *scrum*
Cluiche rugbaí – *rugby match*
Corn an Domhain – *World Cup*
Greamú / taicil – *tackle*
Lán-am – *full-time*
Leath-am / leath-ama – *half-time*
Lucht leanúna – *supporters*
Pointe – *point*
Pointe bónais – *bonus point*
Síneadh amach – *line-out*
Toradh – *result*
Úd – *try*

Mothúcháin:
Áthas/ gliondar orm
Ríméadach
Ar mhuin na muice
Bródúil
Corraithe

Réamhchleachtadh 2

An bhfuil na fíricí seo fíor faoi fhoireann rugbaí na hÉireann? Pléigh na fíricí leis an duine in aice leat. Is féidir libh na fíricí a ghúgláil más gá!

1. Beidh an chéad chluiche eile in éadan na *All Blacks*.
2. Fuair Éire an ceann is fearr ar Albain agus an scór 35 – 15 ag an deireadh.
3. Scóráil Éire cúig úd.
4. Bhí an lámh in uachtar ag na hÉireannaigh ó thús deireadh an chluiche.
5. Bhí níos mó Albanach ná Éireannach in Stade de France.
6. Bhí pointe bónais ag na hÉireannaigh roimh leath-am.

B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

cluiche ceathrú ceannais	*cause for concern*
údar imní	*substance, calibre*
gortuithe	*considerable*
suntasach	*to approach, to open a conversation*
ag faire	*quarter-final*
go géar	*closely, critically*
mianach	*thwart*
(cuir) de dhroim seoil	*exact, clinical*
paiteanta	*injuries*
bleid a bhualadh ar	*watching*

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí:

- Bhí caife ag Ruairí le Cian de Buitléar chun _____ an tráchtaire spóirt faoina thuairim ar an gcluiche.
- Is _____ iad na _____ a bhain d'fhoireann na hÉireann le linn an chluiche.
- Níor theip ar fhoireann na hÉireann a gcumas agus an _____ atá iontu a léiriú ar an oíche.
- Bhí náisiúin mhóra rugbaí an domhain _____ _____ ar an gcluiche idir Éire agus Albain.
- Toradh thar a bheith _____ a bhí i bPáras oíche Shathairn.
- Bhí an bealach ar chuir na geansaithe glasa na hAlbanaigh _____ dochreidte ar fad.
- Beidh na hÉireannaigh in éadan na *All Blacks* i g_____ Dé Sathairn seo chugainn.
- Bhí an bealach ar imir foireann na hÉireann chomh sciobtha agus chomh _____ sin.

3. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cad is brí leis na frásaí seo ar fad a bhaineann le cúrsaí spóirt agus a bheidh le cloisteáil sa mhír?

Aghaidh a thabhairt ar an Nua-Shéalainn.
An ceann is fearr a fháil ar Albain.
Úd a aimsiú/a scóráil.
Bhain gortú do Mack Hansen.
I gceannas ó thús deireadh.

C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair. Cuir na pointí eolais in ord fad is atá tú ag éisteacht léi, trí uimhir a dó a scríobh in aice leis an gcéad phíosa eolais a chloiseann tú agus mar sin ar aghaidh. (Tá an chéad cheann déanta duit). Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat tar éis na chéad éisteachta. Féachaigí ar an mír arís ansin le bhur gcuid oibre a sheiceáil. Tá pointe amháin eolais míchruinn sa mhír. Cad é?

1.	Tabharfaidh Éire aghaidh ar an Nua-Shéalainn an Satharn seo chugainn.
	Bhí i bhfad níos mó Éireannach ná Albanach sa staid.
	Léirigh foireann na hÉireann an cumas a bhí acu agus an mianach a bhí iontu ar bhealach paiteanta.
	Tá Hansen, Lowe agus Ryan gortaithe.
	Ní raibh aon fhreagra ag na hAlbanaigh ar an smacht a bhí ag na hÉireannaigh orthu le linn an chluiche.
	Bhí pointe bónais ag na hÉireannaigh roimh leath-am.
	Bhí na náisiúin rugbaí ar fad ag faire go géar ar an gcluiche oíche Shathairn seo caite, go háirithe na *All Blacks*.
	Aimsíodh céad úd na hÉireann sa chéad chúpla soicind den chluiche.
	Scóráil Hugo Keenan dhá úd.
	D'aimsigh na hÉireannaigh 5 úd.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An t-ainm briathartha)

Féach ar na línte seo a bhaineann le cur síos a dhéanamh ar chúrsaí spóirt. Líon na bearnaí leis na foirmeacha cearta de gach briathar:

Aghaidh a _____ ar an Nua-Shéalainn. (Tabhair)
An ceann is fearr a _____ ar Albain. (Faigh)
D'éirigh le foireann Andy Farrell úd a _____. (Aimsigh)
Theip ar Johnny Sexton cic slánaithe a _____. (Scóráil)
Toradh thar a _____ suntasach i bPáras. (Bí)
Caithfidh na hÉireannaigh a _____ i gceannas ó thús deireadh ar an Satharn. (BÍ)
D'éirigh leo gach ionsaí a _____ go paiteanta. (Críochnaigh)

2: Cruinneas gramadaí (Éire)

a) Féach ar an samplaí thíos den ainmfhocal 'Éire' a bhí le cloisteáil sa mhír. Cén Béarla a chuirfeá ar na leaganacha sin?

Foireann na hÉireann _____
Na hÉireannaigh _____

Agus cén Béarla a chuirfeá ar na cinn seo?

Fáilte go hÉirinn _____
An tÉireannach _____

b) Cuir Gaeilge ar na habairtí seo anois:

Ireland is a beautiful country.
The people of Ireland love to sing.
I'm going to Ireland tomorrow.
The Irish are all over the streets of Paris.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Déan do mhachnamh ar chluiche amháin spóirt a chonaic tú agus a chuaigh i bhfeidhm go mór ort, bíodh sé ar an teilifís nó beo. Beidh tú ag déanamh cur síos ar an gcluiche sin do na daoine eile sa ghrúpa ar ball. Caith deich nóiméad nó mar sin ag cur do chuid smaointe le chéile.

(Más duine thú nach dtaitníonn an spórt rómhór leat, ná bí buartha! Lig ort féin go raibh tú ag an gcluiche a phléitear sa mhír!)

Smaoinigh ar na ceisteanna seo le cuidiú leat:

- ✓ Cé a bhí ag imirt?
- ✓ Cá raibh an cluiche?
- ✓ Cén scór a bhí ann ag leath-am/lán-am?
- ✓ Cé a scóráil na pointí, ná húid, ná ciceanna, na cúil, na cúilíní?
- ✓ Conas a bhí an aimsir?
- ✓ Conas a bhí an t-atmaisféar?
- ✓ Conas a mhothaigh tú féin?

Anois, inis do do ghrúpa faoin gcluiche. Bí cinnte go n-úsáidfidh tú an stór focal úsáideach a pléadh sa cheacht seo.

2: Scríobh

Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta faoin gcluiche ar labhair tú faoi thuas. Is leor cúig líne nó mar sin.

AN SCRIPT

Séamus Ó Scanláin
Spórt anois agus tabharfaidh foireann rugbaí na hÉireann aghaidh ar an Nua-Shéalainn i gcluiche ceathrú ceannais an domhain ar an Satharn seo chugainn, tar éis dóibh an ceann is fearr a fháil ar Albain aréir sa Stade de France. An scór 36 – 14. Cúig úd a d'aimsigh foireann Andy Farrell sa gcluiche[1] – Hugo Keenan, le péire; James Lowe, Iain Henderson agus Garry Ringrose le ceann an duine. Ach, údar imní freisin do na hÉireannaigh, áfach, is ea gortuithe a bhain do Mack Hansen, James Lowe agus James Ryan.

Bhuel, linn anois as Páras, tá ár dtuairisceoir, Ruairí Mac Con Iomaire. Toradh ollmhór ag na geansaithe glasa sa Stade de France aréir, a Ruairí, iad i gceannas ó thus deireadh, nach raibh?

Ruairí Mac Con Iomaire
Is ea a Shéamuis. Toradh thar a bheith suntasach anseo i bPáras aréir. Bhí, ní hamháin toradh nach ndeachaigh i ngan fhios go deimhin ar náisiúin mhóra rugbaí an domhain agus an Afraic Theas ag faire go géar. Agus bí cinnte na *All Blacks*, Nua-Shéalainn ag faire go géar. Go deimhin, bhí súile an tsaoil dírithe ar Saint-Denis agus an Stade de France aréir. Agus arís, níor loic foireann na hÉireann orainn[2] a gcuid cumais agus an mianach atá iontu a léiriú ar an stáitse is mó. An bealach ar dhéileáil siad agus ar chuir siad Albain de dhroim seoil chomh luath, agus chomh sciobtha agus chomh paiteanta. Bhí sé thar a bheith cumasach.

Arís, an dara cluiche as a chéile sa Stade de France, bhí an áit nach mór lán le hÉireannaigh. Bhí fear as an BBC, ina shuí taobh liom, a raibh… bhí sé ag rá … an raibh Albanach ar bith anseo i láthair? I measc an tslua ollmhóir Éireannach ann, bhí an tráchtaire spóirt, Cian de Buitléar. Agus bhí deis agamsa cupán caife a ól leis ar maidin agus bleid a bhualadh air faoina thuairim féin ar an gcluiche.

Cian de Buitléar, Tráchtaire Rugbaí
Cheap mé go mbeadh sé i bhfad níosgaire ná a bhí sé. Ach an bealach ar imir siad aréir, go mór mór tar éis an t-úd sin a aimsiú an-luath sa gcluiche, tar éis cúpla soicind i ndáiríre a bhí ann. Agus ansin, bhí orthu cur suas le brú mór ó Albain ar feadh tuairim is deich nóiméad nó mar sin. Ach, ní raibh aon fhreagra ag Albain ar an smacht a bhí ag na hÉireannaigh. An bealach ar imir siad nuair a fuair siad isteach in 22 na nAlbanach, bhí siad chomh cliniciúil go mór mór an bealach ar chríochnaigh siad aon ionsaí a bhí acu agus le *bonus point* a bheith acu roimh leath ama, i ndáiríre, an bhfuil a fhios agat, ní fhéadfá a bheith ag súil le toradh níos fearr.

[1] Canúint Chonnacht atá ag na cainteoirí seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.
[2] 'níor loic ar fhoireann na hÉireann' a dúradh

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:
Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

Iarr ar na foghlaimeoirí a súile a dhúnadh agus éisteacht leis an ngearrthóg seo ó YouTube https://www.youtube.com/watch?v=z1ECIKii_WA – Éire vs Albain i gCorn an Domhain sa Rugbaí a bhí ar siúl ar an 07 Deireadh Fómhair 2023 (nó aon fhíseán gearr a aimseoidh tú de lucht leanúna na hÉireann ag canadh Zombie tar éis an chluiche). Agus an mhír cloiste acu, iarr orthu na ceisteanna a phlé le chéile.

Réamhchleachtadh 2:
Is é aidhm an réamhchleachtaidh seo ná ábhar/topaic na míre a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí sula bhféachfaidh siad uirthi chun tacú leis an gcluastuiscint ar ball. Is féidir leo na freagraí a ghúgláil más mian leo. Pléigh thusa na freagraí leo sula bhféachfaidh siad ar an mír.
(1 – fíor; 2 – bréagach; 36 – 14 an scór; 3 – bréagach; scóráil siad 6 úd; 4 – fíor; 5 – bréagach, a mhalairt atá fíor; 6 – fíor)

B: FOCLÓIR

1.

cluiche ceathrú ceannais	*quarter-final*
údar imní	*cause for concern*
gortuithe	*injuries*
suntasach	*considerable*
ag faire	*watching*
go géar	*closely, critically*
mianach	*substance, calibre*
(cuir) de dhroim seoil	*thwart*
paiteanta	*exact, clinical*
bleid a bhualadh ar	*to approach, to open a conversation*

2.

- Bhí caife ag Ruairí le Cian de Buitléar chun **bleid a bhualadh ar** an tráchtaire spóirt faoina thuairim ar an gcluiche.
- Is **údar imní** iad na **gortuithe** a bhain d'fhoireann na hÉireann le linn an chluiche.
- Níor theip ar fhoireann na hÉireann a gcumas agus an **mianach** atá iontu a léiriú ar an oíche.
- Bhí náisiúin mhóra rugbaí an domhain **ag faire go géar** ar an gcluiche idir Éire agus Albain.
- Toradh thar a bheith **suntasach** a bhí i bPáras oíche Shathairn.
- Bhí an bealach ar chuir na geansaithe glasa na hAlbanaigh **de dhroim seoil** dochreidte ar fad.
- Beidh na hÉireannaigh in éadan na *All Blacks* i g**cluiche ceathrú ceannais** Dé Sathairn seo chugainn.
- Bhí an bealach ar imir foireann na hÉireann chomh sciobtha agus chomh **paiteanta** sin.

3.

Aghaidh a thabhairt ar an Nua-Shéalainn = *to face New Zealand*
An ceann is fearr a fháil ar Albain = *to beat, get the better of Scotland*
Úd a aimsiú/a scóráil = *to find/score a try*
Bhain gortú do Mack Hansen. = *Mark Hansen was injured.*
I gceannas ó thús deireadh = *dominant from beginning to end*

C: TUISCINT

1.	Tabharfaidh Éire aghaidh ar an Nua-Shéalainn an Satharn seo chugainn.
2.	D'aimsigh na hÉireannaigh 5 úd.
3.	Scóráil Hugo Keenan dhá úd.
4.	Tá Hansen, Lowe agus Ryan gortaithe.
5.	Bhí na náisiúin rugbaí ar fad ag faire go géar ar an gcluiche oíche Shathairn seo caite, go háirithe na *All Blacks*.
6.	Léirigh foireann na hÉireann an cumas a bhí acu agus an mianach a bhí iontu ar bhealach paiteanta.
7.	Bhí i bhfad níos mó Éireannach ná Albanach sa staid.
8.	Aimsíodh céad úd na hÉireann sa chéad chúpla soicind den chluiche.
9.	Ní raibh aon fhreagra ag na hAlbanaigh ar an smacht a bhí ag na hÉireannaigh.
10.	Bhí an pointe bónais ag na hÉireannaigh roimh leath-am.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An t-ainm briathartha)

Aghaidh a **thabhairt** ar an Nua-Shéalainn. (Tabhair)
An ceann is fearr a **fháil** ar Albain. (Faigh)
D'éirigh le foireann Andy Farrell úd a **aimsiú**. (Aimsigh)
Theip ar Johnny Sexton cic slánaithe a **scóráil**. (Scóráil)
Toradh thar a **bheith** suntasach i bPáras. (Bí)
Caithfidh na hÉireannaigh a **bheith** i gceannas ó thús deireadh ar an Satharn. (BÍ)
D'éirigh leo gach ionsaí a **chríochnú** go paiteanta. (Críochnaigh)

2: Cruinneas gramadaí (Éire)

(a)

Foireann na hÉireann	*Ireland's team / The team of Ireland*
Na hÉireannaigh	*The Irish*
Fáilte go hÉirinn	*Welcome to Ireland*
An tÉireannach	*The Irish person*

(b)

Ireland is a beautiful country.
Is tír álainn í Éire.
The people of Ireland love to sing.
Is breá le muintir na hÉireann a bheith ag canadh.
I'm going to Ireland tomorrow.
Tá mé ag dul go hÉirinn amárach.
The Irish are all over the streets of Paris.
Tá na hÉireannaigh ar fud na sráideanna i bPáras.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Tabhair deis do gach foghlaimeoir machnamh a dhéanamh ina n-aonar ar dtús, sula labhróidh siad leis an ngrúpa. Bí ar fáil chun cuidiú leo agus iad ag ullmhú a bpíosaí cainte.

2: Scríobh

Abair leo cúig líne nó mar sin a scríobh faoi chluiche a chonaic siad.

Curtha ar fáil ag

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4